

Post	Oifigeach Forbartha Réigiúnaí – Réigiún an tOirthear (Innealtóir Grád III)
Conradh	Conradh sainchuspóra sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027
Grúpa Seirbhíse	Seirbhísí Teicniúla Bia Mara
Áit	Oifig BIM

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, agus oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga san áireamh. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cuí:

Seirbhísí Teicniúla Bia Mara (STS)

Tá aonad gnó STS comhdhéanta de chúig rannóg, Caomhnú Iascaigh, Dobharshaothrú, Inbhuanaitheacht & Deimhniú, Forbairt Réigiúnach an Tuaiscirt agus Forbairt Réigiúnach an Deiscirt. Is ar bhonn réigiúin is mó a bhíonn na foirne bunaithe agus cumhdaíonn siad imeallbhord iomlán na hÉireann. Tá obair na gcúig fhoireann STS chomh héagsúil agus chomh hilchineálach le Bia Mara na hÉireann féin, obair a chumhdaíonn gach ní ó iascaigh ar scála beag, dobharshaothrú iasc eite, sliogéisc agus feamainne, fearais roghnaitheach iascaireachta, an timpeallacht, ábhair phlaisteacha a laghdú agus éifeachtúlacht phróiseála.

Achoimre ar an Ról:

Is ról tábhachtach a bhaineann le labhairt le cliaint é post an Oifigigh Forbartha Réigiúnaí don Oirthear, a bhfuil freagracht air as caidrimh láidre le daoine aonair agus grúpaí iascaireachta i réigiún an tOirthear a fhorbairt agus a chothú. Ina bhall foirne a bheidh ag labhairt le cliaint, beidh an tOifigeach Forbartha Réigiúnaí ag feidhmiú ina idirghabhálaí idir tionscal na hiascaireachta agus BIM agus é ag cinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi scéimeanna cúnaimh deontais tacaíochta ar bith, oiliúint, agus aon seirbhísí ábhartha eile a chuireann BIM ar fáil don tionscal, agus go dtugtar tacaíocht dóibh ina leith sin. Cinnteoidh an tOifigeach Forbartha Réigiúnaí go mbeidh BIM ar an eolas faoi fhadhbanna nó thionscnaimh ar bith a thiocfaidh chun cinn in earnáil na hiascaireachta ionas gur féidir le BIM leanúint ar aghaidh le tacaíocht agus seirbhísí ábhartha a chur ar fáil don tionscal agus go gcuirfear riachtanais a gcliant san áireamh ina phlean oibre bliantúil.

Cuideoidh an tOifigeach Forbartha Réigiúnaí le cleachtas iascaireachta inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn agus beidh ról gníomhach aige in inbhuanaitheacht eacnamaíochta, sóisialta agus chomhshaoil na hearnála a chinntiú. Beidh cur chun feidhme chlár EMFAF i gceist leis an ról freisin amhail Scéim Náisiúnta V-Notch agus Tionscnamh Fóram Iascaigh Intíre agus cuideoidh sé le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta intíre atá éifeachtach agus a mbeidh dea-thionchar aige. Tacóidh an tOifigeach Forbartha Réigiúnaí le hearnáil na hiascaireachta trí chúnaimh a chur ar fáil maidir le hárthaí a cheadú agus a chlárú chomh maith le bheith ag obair leis an bhFóram Iascaigh Intíre Réigiúnaí áitiúil agus leis an bhFóram Náisiúnta Iascaigh Intíre de réir mar is gá.

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun cinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Tá ról tábhachtach ag an earnáil intíre maidir le pobail cois cósta na hÉireann atá leochaileach a chothú, ag áirtheáil mionscála cósta atá dírithe ar stoic intíre éisc agus sliogéisc atá i gceist le formhór na fostaíochta earnáil na hiascaireachta. San am atá thart bhí an earnáil seo tearcfhorbartha agus bhí sé taobh thiar de chodanna eile den tionscal bia mara.

An príomhbhealach le pobail cois cósta atá sláintiúil agus bríomhar a chothú ná earnáil intíre sláintiúil agus bríomhar a bheith ann, atá inbhuanaithe go heacnamaíoch, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta d'ádh. Tá ról tábhachtach ag BIM agus ag na foirne forbartha réigiúnaí ina leith seo agus an chabhair, an t-eolas, na tacaíochtaí airgid a chur ar fáil don earnáil lena mbíonn sí in ann a bheith ag iascaireacht ar bhealach a inbhuanaithe, gnóthaí a bhfuil teacht aniar iontu a chruthú agus deiseanna nua a lorg agus a fhorbairt.

Príomhthascanna:

- Faisnéis agus treoir maidir le maoiniú a chur ar fáil do thionscal na hiascaireachta intíre chun feabhas a chur ar fheidhmithe, cúnaimh deontais a tharraingt anuas agus an iomaíochas, an inbhuanaitheacht agus an acmhainneacht a mhéadú
- Tacaíocht a thabhairt don earnáil intíre trí thionscadail a spreagadh le bheith mar bhonn faoin iascaireacht inbhuanaithe agus faoin bhforbairt gnó agus margaidh
- Aon tionscnaimh atá faoi stiúir an Rialtais nó na hEorpa a chur chun feidhme de réir mar is gá
- A bheith ag feidhmiú ina chéad phointe teagmhála ar an gcósta d'fhiosruithe ar bith i dtaca le tionscal na hiascaireachta
- Grúpaí páirtithe leasmhara Tionscail a éascú de réir mar is gá (FLAG, RIFF agus NIFF san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh)
- Na seirbhísí BIM ábhartha a chur chun cinn don earnáil iascaireachta intíre
- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir: Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí

Stiúrthóir: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

- Bainisteoir Forbartha Acmhainní Réigiúnaí/ Bainisteoirí Forbartha Acmhainní Réigiúnacha
- Foireann Forbartha Acmhainní Réigiúnaí eile
- An fhoireann uile in Aonad Gnó STS
- An fhoireann uile in Aonad Gnó na Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna

- Príomhbhaill foirne in D&I BU agus in aonaid Gnó BIM eile
- An Fhoireann Fáiltithe laistigh de BIM

Lasmuigh de BIM

- Iascairí a oibríonn i réigiún an tOirthear
- Oibritheoirí bia mara eile de réir mar is gá
- Leasanna an phobail cois farraige mar atá siad faoi réir na scéimeanna agus éileamh chlár oibre BIM
- Páirtithe leasmhara agus comhlachtaí seachtracha laistigh den earnáil iascaigh agus dobarshaothraithe
- DAFM agus Clár Ghaolmhara na nGníomhaireachtaí Mara agus Rannán na gClár de chuid DAFM
- Grúpa Bainistíochta Intíre (IMG)
- Fóram Náisiúnta Iascaigh Intíre (NIFF), Comhlachas Náisiúnta Iascaigh Intíre (NIFA) agus Eagraíocht Náisiúnta Iascaigh Intíre (NIFO).
- Grúpaí Cur Chun Feidhme MI, SFPA, LEADER, Údarás na Gaeltachta, Institiúidí 3^ú leibhéal, FSAI, CIL, MSO, Comhairlí Contae, EPA, An Roinn Comhshaoil.
- Comhlachtaí Rialála seachtracha ábhartha eile
- Tionscal iascaigh dobarshaothraithe ábhartha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Oiliúint

- Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Taithí trí bliana ar a laghad a bheith ag obair san earnáil bia mara nó léi
- Oideachas tríú leibhéal faighte i réimse ábhair ábhartha
- Ceadúnas tiomána iomlán agus rochtain ar a f(h)eithicil féin
- Bainistíocht tionscadail soiléire, scileanna eagrúcháin, riaracháin, idirphearsanta agus cumarsáide
- An cumas oibriú ó chian agus go neamhspleách
- An cumas caidrimh láidre inmheánacha agus seachtracha a chothú
- Dea-bhainistiú ama agus an cumas nithe a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- An cumas oibriú gan mhaoirsiú agus mar dhuine den fhoireann.
- Scileanna maithe cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal chomh maith le scileanna éifeachtacha uimhearthachta.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú
- Taithí chruthaithe ar a bheith ag obair le comhpháirtithe ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach

- An cumas a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, an cumas idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir

Tuarastal:

Ag grád Innealtóra III a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €33,149 - €68,795 (amhail an 1 Feabhra 2021) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 25 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Clúdóidh an conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 23ú Samhain 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

